# Treoirlínte Scéim Deontais d’Fhéilte Pobail Áitiúla 2026 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

## 1. Réamhrá

Tacaíonn Scéim Deontais d’Fhéilte Pobail Áitiúla le **féilte pobail, imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúir ar scála-beag** ar fud Chathair na Gaillimhe. Tá sé mar aidhm ag an scéim:

- Cultúr, cruthaitheacht agus oidhreacht áitiúil a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht an phobail agus cuimsiú sóisialta a spreagadh
- Naisc an cheantair agus folláine pobail a neartú

## 2. Cuspóirí

Tá sé mar chuspóir ag an scéim:

- Tacú le féilte pobalbhunaithe a chruthú, a fhorbairt agus tacú le hinbhuanaitheacht na bhféilte sin
- Cúnamh airgeadais a chur ar fáil d’imeachtaí cuimsitheacha inrochtana
- Féiniúlacht áitiúil, bród agus spiorad pobail a fheabhsú
- Tallann áitiúil, traidisiúin agus tionscnaimh phobail a thaispeáint

## 3. Critéir Cháilitheachta

**Eagraíochtaí Incháilithe**

- Grúpaí agus clubanna pobail, deonacha nó cónaitheoirí seachbhrabúsacha
- Lonnaithe laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

**Nach bhfuil incháilithe:**
Eagraíochtaí tráchtála-brabúsacha, daoine aonair, agus gníomhaireachtaí reachtúla.

**A bhfuil de dhíth ó Iarratasóir**

Ní mór d’iarratasóirí:

- A bheith i mbun gnó laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Cuntas bainc nó comhar creidmheasa a bheith acu in ainm dlíthiúil an ghrúpa/na heagraíochta (fianaise a theastaíonn ag céim an iarratais)

**Clárú PPN**

Spreagtar grúpaí chun clárú le **Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN)** agus dul i dteagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun a chinntiú go bhfuil na tionscadail bheartaithe ag teacht le cláir oibre agus polasaithe ábhartha.

**Imeachtaí Incháilithe**

Ní mór d'imeachtaí:

- A bheith ar siúl laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- A bheith ar siúl in **2026**
- A bheith oscailte don phobal
- A bheith ag teacht le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (LECP). Is féidir é a fheiceáil ANSEO
- A bheith cuimsitheach, inrochtana, agus rannpháirtíocht a spreagadh sna haoiseanna, cúlraí agus cumais go léir

**Eagraíochtaí & Gníomhaíochtaí Neamh-Incháilithe**

**Ní** chuirfear maoiniú ar fáil:

- D'eagraíochtaí brabúsacha, daoine aonair, ná gníomhaireachtaí reachtúla
- D'fheachtais pholaitiúla ná ócáidí príobháideacha
- Do shearmanais reiligiúnacha
- D'imeachtaí tiomsaithe airgid
- D'imeachtaí a reáchtáiltear in ionaid a dhíolann alcól
- D'imeachtaí idirnáisiúnta
- D'imeachtaí nach bhfuil pobalbhunaithe
- D'imeachtaí a bheidh ar siúl i ndiaidh 2026

## 4. Critéir Mhaoinithe

**Méid an Deontais**

- Tá idir **€300 agus €2,000** ar fáil.
- Toisc gur minic a chuireann an iomarca daoine isteach ar scéimeanna, d'fhéadfadh an maoiniú a bhronntar a bheith níos ísle ná an méid a iarrtar.

**Costais Incháilithe**:

- Margaíocht agus Bolscaireacht: Cuimsítear costais deartha agus priontála d'ábhair bolscaireachta amhail póstaeir, bileoga agus cláir imeachta.
- Ionad ar cíos: Costais a bhaineann le hionaid áitiúla, hallaí, páirceanna nó spásanna poiblí a fháil ar cíos (níl ionaid a dhíolann alcól incháilithe)

- Táillí Ealaíontóra/Taibheora/Siamsaíochta/Ceardlainne: Táillí d'ealaíontóirí, taibheoirí, siamsóirí, nó éascaitheoirí ceardlainne a bhfuil baint acu leis an imeacht.
- Trealamh ar cíos: Costais chun trealamh riachtanach a fháil ar cíos, mar shampla cathaoireacha, boird, pubaill, córais fógartha poiblí, nó socruithe stáitse beaga.
- Maisiúcháin agus Comharthaíocht: Costais le haghaidh ábhair mhaisiúla amhail bratacha nó comharthaí, lena n-áirítear comharthaíocht treo ag an ionad.
- Garchabhair: Costais le haghaidh soláthairtí bunúsacha garchabhrach nó stáisiún garchabhrach a shocrú ag an imeacht.
- Trealamh Sábháilteachta: Costais chíosa le haghaidh bearta sábháilteachta, lena n-áirítear bacainní, pearsanra slándála, nó aon trealamh sábháilteachta eile is gá.
- Bainistiú Dramhaíola: Costais chíosa do bhoscaí bruscair nó do sheirbhísí diúscartha dramhaíola chun dramhaíl a bhainistiú ag imeachtaí.
- Sólaistí agus Lónadóireacht: Costais chun sólaistí éadroma a chur ar fáil, cosúil le beárbaiciú pobail nó teacht le chéile mar sin.
- Costais Inrochtaineachta: Costais chun an t-imeacht a dhéanamh inrochtana do chách, lena n-áirítear rampaí a fháil ar cíos, ateangairí teanga comharthaíochta, comharthaíocht inrochtana.

**Costais Neamh-Incháilithe**

- Níl cead maoiniú a úsáid le haghaidh:
- Costais ghinearálta oibríochtúla nó riaracháin na heagraíochta iarrthóra.
- Imeachtaí a bheidh ar siúl lasmuigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid nó gníomhaíochtaí brabúis phearsanta.
- Costais nach mbaineann le seachadadh díreach an imeachta (m.sh., trealamh a cheannach, infheistíochtaí caipitiúla fadtéarmacha).
- Trealamh a cheannach. **Ní deontas caipitil é seo.**
- Urraíocht agus síntiúis charthanacha, dearbháin m.sh., dearbháin bhronntanais
- Costais taistil agus chothaithe, lena n-áirítear míleáiste, béilí, lóistín, nó costais iompair don fhoireann, oibrithe deonacha, nó rannpháirtithe
- T-léinte, húdaithe, geansaithe, éidí srl
- Costais chíosa d'ionaid a dhíolann alcól

**Ceanglais Bhaincéireachta**

Ní mór do ghrúpaí:

- Cuntas bainc nó comhar creidmheasa a bheith acu in ainm dlíthiúil na heagraíochta
- A bheith socraithe go hiomlán le haghaidh íocaíochtaí EFT le Cuntais Iníoctha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá foirm socrú suas soláthraí ar fáil anseo: **(Nasc chuig foirm socrú suas soláthraí ANSEO)**
- Cuir fianaise ar an gcuntas bainc ar fáil ag céim an iarratais

## 5. Meastacháin

Ní mór d'iarratasóirí meastacháin a chur isteach le haghaidh costais mholta.

- Is leor **meastachán amháin** in aghaidh na míre costais
- Ní mór **miondealú buiséid** iomlán a chur ar fáil ar an imeacht/féile atá beartaithe
- Spreagann Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratasóirí chun **siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil** agus úsáid a bhaint as soláthraithe agus ionaid áitiúla nuair is féidir

## 6. An Próiseas le hIarratas a dhéanamh

**An Spriocdháta d'Iarratais:**

- Ní mór iarratais ar líne a bheith istigh faoin **12.00pm Dé Luain an 9 Márta.**

**Cáipéisí Riachtanacha**:

- Foirm iarratais ar líne chomhlánaithe.
- Cruthúnas ar chuntas bainc/comhair creidmheasa an ghrúpa.
- Moladh don imeacht, lena n-áirítear sonraí faoi spriocanna an imeachta, an spriocghrúpa, an suíomh, an sceideal agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leis.
- Buiséad mionsonraithe le meastacháin tacaíochta
- Cruthúnas ar árachas dliteanais agus plean bainistíochta riosca
- Ceadanna ábhartha
- Achoimre ar imeachtaí roimhe seo (más infheidhme)
- Pictiúir ó imeachtaí roimhe seo (más infheidhme)

**Critéir Mheasúnaithe:**

- Rannpháirtíocht an phobail agus inrochtaineacht - 30 marc
- Caighdeán an chláir atá beartaithe don fhéile/imeacht - 25 mharc
- Fianaise ar chumas an fhéile/imeacht a chur ar fáil - 20 marc
- Buiséad - 15 mharc
- Rannpháirtíocht mhuintir na háite san fhéile/imeacht a eagrú – 10 marc

## 7. Measúnú agus Ceadú Deontais

**Measúnú**:

- Ní dhéanfar measúnú ar d'iarratas ach amháin ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais chomhlánaithe nó in éineacht leis. Moltar duit cáipéisí a chur isteach le d'iarratas chun tacú le haon eolas atá tugtha.
- Déanfaidh Grúpa Meastóireachta inmheánach measúnú ar d'iarratas agus déanfaidh sé moladh ina leith. Bainfidh an Grúpa Meastóireachta inmheánach leas as saineolas fhoirne gairmiúla Ranna ábhartha na Comhairle.
- Tar éis na meastóireachta tosaigh seo, breithneoidh Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe moladh an Ghrúpa Meastóireachta ag Coiste Deontais na Comhairle ina mbeidh Comhaltaí Tofa ainmnithe ó gach Barda.
- Ina dhiaidh sin, ag cruinniú na Comhairle i mí Bealtaine, breithneoidh na Comhaltaí Tofa moladh an Choiste Deontais. Is faoi Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá ceadú deiridh an mhaoinithe bunaithe ar chinneadh ag cruinniú na Comhairle i **mí Bealtaine**.

**Fógra:**

- Cuirfear na hiarratasóirí rathúla ar an eolas i **lár mhí na Bealtaine** nuair a bheidh siad ceadaithe ag cruinniú de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i mí Bealtaine.
- **Ní mór d'imeachtaí agus féilte a bheith ar siúl i rith na bliana 2026 agus tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2026.**

## 8. Eisíocaíocht Maoinithe

**Sceideal na hÍocaíochta**:

- Is féidir deontais a eisíoc mar íocaíocht amháin nó dhá íocaíocht:
  - **Íocaíocht Tosaigh**: 50% ar an deontas a cheadú.
  - **Íocaíocht Deiridh**: 50% tar éis an imeachta, ar thuairisc deiridh a chur isteach lena n-áirítear sonraisc agus admhálacha agus cruthúnas ar íocaíocht

**Coinníollacha Maoinithe:**

- Ní mór aitheantas a thabhairt do thacaíocht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar gach ábhar poiblíochta
- Ní féidir an maoiniú a úsáid ach amháin chun na gcríoch atá leagtha amach sa litir tairisceana
- Ní mór sonraisc, admhálacha, cruthúnas íocaíochta, agus grianghraif d'imeachtaí a bheith sa tuairisc deiridh
- Ní mór an maoiniú ar fad a bheith tarraingthe anuas faoin **11 Nollaig 2026**

- Ní mór na himeachtaí a bheith críochnaithe faoin **30 Samhain 2026**

Aistarraingeofar aon mhaoiniú neamhéilithe tar éis an 11 Nollaig 2026.

## 9. Monatóireacht agus Tuairisciú

**Monatóireacht Imeachta:**

- Féadfaidh foireann na Comhairle freastal ar imeachtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i gcrích
- Ní mór d'fhaighteoirí taifid chaiteachais agus torthaí a choinneáil

**Ceanglais na Tuairisce Deiridh**

- Achoimre ar an imeacht, líon na ndaoine a d'fhreastail air, déimeagrafaic na rannpháirtithe
- Measúnú ar an tionchar ar an bpobal
- Briseadh síos iomlán ar na figiúirí
- Samplaí d'ábhair bholscaireachta agus clúdach sna meáin

## 10. Cuntasacht agus Comhlíonadh

- Coimeádann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an ceart chun iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas deontais
- D'fhéadfadh aisíocaíocht agus/nó eisiamh ó scéimeanna amach anseo a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid a bhaint as cistí

## 11. Dátaí Tábhachtacha

- **Táthar ag glacadh le hIarratais Anois:** 9am Dé Luain an 16 Feabhra 2026
- **An Dáta Deiridh d'Iarratais:** 12pm Dé Luain an 9 Márta 2026
- **Fógra faoin Toradh:** Lár mhí Bealtaine 2026
- **Imeachtaí le bheith ar siúl roimh:** 30 Samhain 2026

## 12. Chun iarratas a dhéanamh

- Déan iarratas ar líne: **https://submit.link/4Cf**
- Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, cliceáil anseo

## 13. Eolas teagmhála

Má tá aon cheist agat nó chun cúnamh a fháil le d'iarratas, déan teagmháil leis na hOifigigh Forbartha Uirbeacha agus Pobail:

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Deirdre Keaney Cunningham

- Toghlimistéar Áitiúil: Iarthar Chathair na Gaillimhe
- Guthán Póca: 087 146 5006
- Ríomhphost: deirdre.keaneycunningham@galwaycity.ie

Natalie Coen

- Toghlimistéar Áitiúil: Lár Chathair na Gaillimhe
- Guthán Póca: 087 110 3209
- Ríomhphost: natalie.coen@galwaycity.ie

Oliver Lydon

- Toghlimistéar Áitiúil: Oirthear Chathair na Gaillimhe
- Guthán Póca: 087 609 1460
- Ríomhphost: oliver.lydon@galwaycity.ie